




An
Bord
Pleanála

Féachaint ar chomhad cás cinnte: Rochtain Phoiblí

Meitheamh 2020



Clár

Féachaint ar chomhad cás cinnte: Seirbhís Rochtana phoiblí.....	3
Comhaid cáis a bheith ar fáil	3
Doiciméid atá ar fáil ar líne.....	3
Comhaid a léamh inár n-oifig	4
Doiciméid a chóipeáil agus dlí an chóipchirt.....	5
Do ghrianghraf féin a thógáil de dhoiciméad	5
Fótachóipeanna de dhoiciméid	6
Srianta ar úsáid cóipeanna nó grianghraf de dhoiciméid.....	6
Táillí.....	7
Samplaí de chostais	8
Eolas breise	9
Déan teagmháil linn.....	10

Is mar threoir agus mar chúnaimh amháin a fhoilsítear an treoir eolais seo. Ní léirmhíniú dlíthiúil ar an reachtaíocht é. Ní mór do gach léitheoir déanamh de réir na bhforálacha reachtúla a bhaineann lena chás féin agus treoir a fháil ó shaineolaí más gá.

Féachaint ar chomhad cás cinnte: Seirbhís Rochtana phoiblí

Chun féachaint ar chomhad cás cinnte, beidh an fhoireann ar fáil chun na comhaid a aimsiú duit agus fótachóipeanna a dhéanamh de dhoiciméid. Rochtain Phoiblí a thugaimid ar an tseirbhís seo. Ní féidir faoi láthair féachaint ar chomhaid cás cinnte ar ár suíomh gréasáin ach tá súil againn go mbeimid in ann iad a chur ar fáil anseo sula i bhfad.

Cabhróidh Rochtain Phoiblí leat:	Ní féidir le Rochtain Phoiblí cabhrú leat:
<input checked="" type="checkbox"/> Aon chás a chinn an Bord trí lá oibre nó níos faide ó shin.	<input type="checkbox"/> Aon chás reatha nach raibh cinnte ag an mBord suas go trí lá oibre ó shin.

Is dona linn nach féidir leis an bhfoireann Rochtain Phoiblí comhaid nó cinntí i gcásanna aonair a phlé.

Comhaid cáis a bheith ar fáil

De ghnáth, is féidir comhaid cásanna a scrúdú 3 lá tar éis don Bhord Pleanála an cinneadh a eisiúint.

Dé ghnáth, is féidir teacht ar chomhaid níos sine, a raibh cinneadh déanta orthu laistigh de dhá bhliain, laistigh de lá oibre nó dhó. Má rinneadh cinneadh ar chás níos mó nó dhá bhliain ó shin nó má tá bosca líníochtaí ann, tógfar idir dhá nó trí lá oibre le go dtiocfaidh siad ar ais isteach chun na hoifige.

Doiciméid atá ar fáil ar líne

I ngach cás, is féidir cóipeanna de na doiciméid seo a leanas a léamh agus a íoslódáil saor in aisce ar ár suíomh gréasáin:

- Tuarascáil an Chigire
- Treoir an Bhoird
- Ordú an Bhoird.

An comhad cáis iomlán a fháil tríd an tseirbhís Rochtana Poiblí

Is féidir féachaint ar na comhaid iomlána i gcóip chrua ach bualadh isteach san oifig ó Luan go hAoine idir 9.15 ar maidin agus 5.30 tráthnóna. Is féidir seiceáil go mbeidh an comhad ar fáil duit ach ríomhphost a sheoladh chuig an tseirbhís Rochtana Poiblí ag publicaccess@pleanala.ie. Tabhair uimhir an chomhaid cáis más féidir, nó seoladh an tsuímh agus / nó sonraí eile chun gur féidir linn an comhad a aimsiú.

Comhaid a léamh inár n-oifig

Sula léann tú comhad ní mór duit foirm dhearbhúcháin a líonadh isteach. Gheofar an fhoirm ar ár suíomh gréasáin nó ó dhuine den fhoireann.

Déanfar comhaid a iarrann tú a thabhairt chugat le linn uaireanta oifige sa limistéar suí den oifig fáilte nó i seomra Sheán Mhic Dhiarmada. Nil cead comhad ná cuid de chomhad a thógáil amach as na háiteanna údaráithe seo. Iarraimid ort, agus tú ag féachaint trí chomhad:

- meas a léiriú ar ord na ndoiciméad sa chomhad agus gan aon doiciméad a thógáil amach as an gclibín a cheanglaíonn doiciméid le clúdach an chomhaid.
- an comhad a láimhsiú go cúramach.
- gan d'ualach a chur ar an gcomhad ná aon rud a dhéanamh a dhéanfadh damáiste don chomhad.
- leathanaigh a iompú go cúramach chun damáiste nó filleadh a sheachaint.
- doiciméid a thógáil amach as púitse amháin ag an am ionas nach measctar iad le doiciméid eile agus rudaí a bhaineann le púitse amháin a chur ar ais isteach sa phúitse sin.
- gan marcanna ná nótaí a bhreacadh ar dhoiciméid nó nótaí a ghreamú dóibh.
- píosaí páipéir nó aitheantóirí eile a úsáid mar leabharmarcanna sa chomhad.
- gan bheith ag ithe nó ag ól agus tú ag féachaint ar chomhad.

Iarrtar ort é a rá le ball foirne láithreach má tá aon fhadhb ann le comhad, mar shampla, má fheiceann tú doiciméad stróicthe nó mura bhfuil doiciméad ceangailte níos mó den chlib stáitchiste.

Doiciméid a chóipeáil agus dlí an chóipchirt

Is féidir fótachóip a dhéanamh de dhoiciméad ar bith i gcomhad cáis. É sin ráite, tá coinníollacha speisialta ag gabháil le doiciméid áirithe ar nós líníochtaí, mapaí agus pleananna de réir dhlí an chóipchirt. Chuige sin, cuirfimid stampa ar gach cóip de na doiciméid seo le taispeáint gur le lena léamh **amháin** a chuirtear ar fáil iad.

Sula bhféachann tú ar chomhad, beidh [foirm dhearbhúcháin](#) líonta isteach agat, ina ndeirtear:

- go dtuigeann tú go gcuirtear an comhad ar fáil duit lena léamh agus chuige sin amháin.
- go n-aontaíonn tú go gcaithfidh tú cead a fháil ón duine nó ón eagraíocht a chruthaigh an doiciméad (sealbhóir an chóipchirt) más mian leat tuilleadh cóipeanna a dhéanamh de dhoiciméad

Ní bhaineann na srianta seo ar chóipcheart le hOrdú an Bhoird, Treoir an Bhoird ná le Tuarascáil an Chigire.

Do ghrianghraf féin a thógáil de dhoiciméad

Is féidir grianghraf a thógáil d'fhormhór na ndoiciméad ar chomhad cáis le ceamara, táibléad, fón nó gléas leictreonach eile, gan splanc ná tríchosach. Chun grianghraif a thógáil, ní mór cead a fháil ón bhfoireann agus [foirm dhearbhúcháin](#) a líonadh isteach. Ar chúiseanna cóipchirt, bíonn doiciméid ann nach féidir grianghraf a thógáil díobh. Ar na nithe nach ceadmhach grianghraf a thógáil díobh tá:

- Aon phlean, líníocht, sceits nó fótamontáis.
- Aon mhapa, mapaí na Suirbhéireachta Ordanáis san áireamh.
- Doiciméid nó eolas atá marcáilte mar ábhar atá faoi chosaint chóipchirt.

Is féidir le ball foirne Rochtana Poiblí grianghraf a thógáil de mhíreanna nach ceadmhach duitse grianghraf a thógáil díobh. Má tá amhras ort cibé an bhfuil cead

grianghraf a thógáil, iarr comhairle ar bhall foirne. Gheofar tuilleadh eolais thuas ar shrianta cóipchirt.

Níor mhiste duit a chur san áireamh go mbeidh grianghraf ar bith a thógann tú faoi réir na reachtaíochta cóipchirt, príobháideachta agus cosanta sonraí agus gur tusa amháin atá ceadaithe chun iad a fheiceáil nó a úsáid.

Is cion é dlíthe cóipchirt, príobháideachta nó cosanta sonraí a shárú. Tusa atá freagrach as aon chóipeanna a dhéantar.

Gheofar tuilleadh sonraí inár dtreoir maidir le [grianghrafadóireacht féinseirbhíse](#) faoi tslí le grianghraif a thógáil de chomhaid cháis an Bhoird Pleanála.

Fótachóipeanna de dhoiciméid

Faoi réir na **ngnáthrialacha cóipchirt** atá mínithe thuas, is féidir leat grianghraf a cheannach de dhoiciméad ar bith ar na comhaid cháis. Má tá líon mór doiciméad le fótachóipeáil agat, is féidir iarratas a dhéanamh agus na fótachóipeanna a bhailiú níos déanaí nó iad a fháil leis an bpost. Ní cheadaítear ach fótachóip amháin d'aon doiciméad.

Srianta ar úsáid cóipeanna nó grianghraf de dhoiciméid

Ní cheadaíonn An Bord Pleanála:duit aon fhótachóipeanna nó grianghraif de dhoiciméid cás cinnte a chomhroinnt, a fhoilsiú, a uaslódáil nó a scaipeadh ar aon slí eile.

Táillí

Costas	Seirbhíse
Féachaint ar chomhad nó comhaid is óige ná cúig bliana.	Saor in aisce
Féachaint ar chomhad nó comhaid is sine ná cúig bliana ach nach bhfuil ag teastáil go géar laistigh de 24 uair an chloig ón iarratas.	Saor in aisce
Féachaint ar chomhad nó comhaid is sine ná cúig bliana ach atá ag teastáil go géar laistigh de 24 uair an chloig ón iarratas.	€25

Fótachóipeáil	Costas gach leathanaigh
Tuarascáil an Chigire, Treoir an Bhoird, Ordú an Bhoird	
An doiciméad ar fad nó cuid de	Saor in aisce
Doiciméid eile	
Fótachóip dhubh A4	€0.20
Fótachóip dhaite A4	€1.25
Fótachóip dhubh A3	€0.40
Fótachóip dhaite A3	€1.75
Fótachóip dhubh A2	€2.25
Fótachóip dhaite A2	€2.75
Fótachóip dhubh A1	€3.00
Fótachóip dhaite A1	€3.50
Fótachóip dhubh A0	€3.00
Fótachóip dhaite A0	€3.50

Iostáille

Gearrtar €1 d'íostáille ar fhótachóip.

Tá postas agus pacáistiú san áireamh ann.

Cóipeanna de CDanna	Costas
CD Cóip de CD	€6.00 an diosca
Doiciméid a scanadh agus a chóipeáil ar dhiosca	€6.00 an diosca móid aon fhótachóipeáil is gá

Samplaí de chostais

Sampla 1

Is mian leat cóip phráinneach a fháil de chomhad laistigh de 24 uair an chloig agus beidh cóip A4 dhaite de 200 leathanach i gceist.

€275 an táille air seo.

Is ionann sin agus cóip de 200 leathanach A4 daite ag €1.25 an leathanach, a chosnóidh €250 ar an gcustaiméir, móide €25 de tháille as iarratas práinneach.

Sampla 2

Is mian leat 100 leathanach a scanadh agus a chur ar CD. Níl práinn leis.

€26 an táille air seo.

Is ionann sin agus cóip de 100 leathanach A4 ag €0.20 an leathanach, a chosnóidh €20 ar an gcustaiméir, móide €6 de tháille as an CD.

Eolas breise

Ní mhaítear sa treoir seo gur léirmhíniú é ar an dlí. Tá gach iarracht déanta againn chun treoir chruinn a chur ar fáil. Ní bheidh an Bord Pleanála freagrach, áfach, as aon ghníomh a eascraíonn as úsáid na treorach seo.

Seo iad na dlíthe agus na rialacháin dár tagraíodh sa doiciméad seo agus a bhaineann le Rochtain Phoiblí:

- [Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt \(leasaithe\)](#)
- [An tAcht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara 2000](#)
- [An tAcht um Chosaint Sonraí 2018](#)
- [Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí 2016/679](#)

Déan teagmháil linn

Má tá an doiciméad seo uait i bhformáid eile nó má tá eolas eile uait, déan teagmháil leis an mBord Pleanála.

Buail isteach inár n-oifigí ag:	An Bord Pleanála.
Scríobh chugainn ag:	64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1. D01 V902
Ríomhphost:	publicaccess@pleanala.ie
Oscail ár suíomh gréasáin:	www.pleanala.ie
Cuir glao gutháin orainn ag:	(01) 873 7104 nó Glao áitiúil: 1890 275 175
Seol facs chugainn:	(01) 872 2684

An t-eagrán seo: Meitheamh 2020